Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Meán Fómhair 2024**
**(OR. en)**

**13481/24**

**SOC 658**
**EMPL 441**
**ENER 425**
**ENV 886**
**RELEX 1122**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Gealltanas maidir le stíleanna maireachtála inbhuanaithe, cothroime agus rochtain ar theicneolaíochtaí fuinnimh ghlain - Cruinniú Aireachta um Fhuinneamh Glan<br>- *Údarú chun ionstraim neamhcheangailteach a chaibidil* |

1. An 11 Meán Fómhair 2024, chuir an Coimisiún nóta faisnéise faoi bhráid na Comhairle ina leagtar amach an rún atá aige feachtas a sheoladh lena n-áireofar gealltanas maidir le stíleanna maireachtála inbhuanaithe, cothroime agus rochtain ar theicneolaíochtaí fuinnimh ghlain, tráth an Chruinnithe Mullaigh Aireachta um Fhuinneamh Glan, a thionólfar an 30 Meán Fómhair – an 4 Deireadh Fómhair 2024 in Foz do Iguaçu na Brasaíle. Scaipeadh an nóta ar na toscaireachtaí in 13312/24.

2. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún caibidlíocht a dhéanamh maidir leis an ngealltanas thuasluaite agus an ionstraim a shíniú thar ceann an Aontais Eorpaigh. Is í an amlíne tháscach le haghaidh shíniú na hionstraime an tríú ráithe de 2025, ag Cruinniú Mullaigh Aireachta 2025 um Fhuinneamh Glan. Leis an ngealltanas, sholáthrófaí treoirlínte maidir le stíleanna maireachtála inbhuanaithe agus cothroime a chur chun cinn san aistriú chuig fuinneamh glan.

3. Tuigtear go rachaidh an Coimisiún ar ais chuig an gComhairle ag deireadh na caibidlíochta chun údarú a lorg ón gComhairle chun an ionstraim a shíniú thar ceann an Aontais.

4. An 17 Meán Fómhair 2024, scrúdaigh an Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta an nóta faisnéise ón gCoimisiún agus fuair sí tuilleadh faisnéise ón gCoimisiún maidir leis an ionstraim atá beartaithe. Ní dhearna na toscaireachtaí aon agóid maidir leis an gcur chuige a mhol an Coimisiún.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle údarú a thabhairt don Choimisiún caibidlíocht a dhéanamh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, maidir leis an ngealltanas maidir le stíleanna maireachtála inbhuanaithe, cothroime agus rochtain ar theicneolaíochtaí fuinnimh ghlain.